

Scoil gan daltaí

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi scoil gan daltaí. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat na focail/frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/frásaí ar dheis?

1. in west	a) <i>scoil náisiúnta</i>
2. registered	b) <i>fonn</i>
3. national school	c) <i>buille</i>
4. peninsula	d) <i>cláraithe</i>
5. situated	e) <i>lonnaithe</i>
6. the teacher confirmed	f) <i>dualgas</i>
7. desire, inclination	g) <i>coiste bainistíochta</i>
8. management committee	h) <i>leithinis</i>
9. blow, setback	i) <i>in iarthar</i>
10. duty	j) <i>dhearbhaigh an múinteoir</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.


Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cá bhfuil an scoil lonnaithe?
2. Cén bhliain ar tógadh an scoil nua?
3. Cé mhéad dalta a bhí sa scoil sa bhliain 2009 agus cé mhéad dalta atá sa scoil anois?
4. Cathain a bhí na daltaí deireanacha sa scoil?
5. Cad a deir muintir na háite, go príobháideach, faoi dhúnadh na scoile?
6. Cad a deir an Roinn Oideachais faoin scéal?

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus déan cur síos gearr ar ábhar na míre don duine in aice leat.



Ceist 4 ‘...cláraithe...’ agus ‘...fágtha...’

- A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal thuas?
- B. Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an bhfoirm cheart den bhriathar:
1. Tá an t-ardaitheoir _____ (bris) le fada.
 2. Is mór an trua nach bhfuil an obair _____ (déan).
 3. Nuair a bheidh an leabhar _____ (scríobh) rachaidh mé ar laethanta saoire.
 4. Nach bhfuil an leanbh _____ (nigh) agat go fóill?
 5. Tá an tráchtas _____ (cuir) isteach faoi dheireadh.
 6. Bhí an ceann scríbe _____ (sroich) agam roimh thitim na hoíche.
 7. Chomh luath is atá do chéim _____ (bain) amach agat, is féidir leat dul ag taisteal.
 8. Nach bhfuil na bronntanais _____ (faigh) agat go fóill?

Ceist 5 ‘...deireadh mhí na Samhna...’

Scríobh amach míonna na bliana. Cuir an focal ‘mí’ roimh na míonna ansin. Mar shampla:

Eanáir

mí Eanáir

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cá ndeachaigh tú féin ar scoil náisiúnta? Cén cineál scoile a bhí inti?
2. Cad iad na cuimhní is fearr agus na cuimhní is measa atá agat ón mbunscoil?
3. Cén leigheas atá ar thitim daonra sa tuath in Éirinn, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
i	d	a	h	e	j	b	g	c	f

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Is cleachtadh cainte é seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid a thuig siad faoin mír a phlé le chéile. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán ansin.

Ceist 4

A. An aidiacht bhriathartha

B.

1. Tá an t-ardaitheoir **briste** le fada.
2. Is mór an trua nach bhfuil an obair **déanta**.
3. Nuair a bheidh an leabhar **scríofa** rachaidh mé ar laethanta saoire.
4. Nach bhfuil an leanbh **nite** agat go fóill?
5. Tá an tráchtas **curtha** isteach faoi dheireadh.
6. Bhí an ceann scríbe **sroichte** agam roimh thitim na hoíche.
7. Chomh luath is atá do chéim **bainte** amach agat, is féidir leat dul ag taisteal.
8. Nach bhfuil na bronntanais **faighte** agat go fóill?

Ceist 5

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois, tá scoil náisiúnta in iarthar Chontae an Chláir fágtha gan daltaí. I dtús na scoilbhliana seo bhí triúr daltaí cláraithe i Scoil Náisiúnta na Croise ar leithinis Cheann Léime an Chláir. Ach anois, tuigtear nach bhfuil aon dalta ag freastal ar an scoil, a¹ bhfuil aon mhúinteoir amháin inti.

Tomás Ó Mainnín

Lonnaithe ar leithinis Cheann Léime an Chláir atá Scoil Náisiúnta na Croise, lonnaithe sa bhaile den ainm céanna. Le blianta tá an daonra ag titim sa cheantar seo agus, dá réir, uimhreacha na leanaí sna scoileanna náisiúnta. Tógadh an scoil nua anseo in 1978. Roimis² sin, tráth den saol, bhí suas le dhá chéad dalta sa tseanscoil sa bhaile. Ach le blianta anuas, tá líon na ndaltaí sa scoil nua ag titim. In 2009, bhí tríocha trí dalta sa scoil seo. I mbliana, áfach, ag tús mhí Mheán Fómhair ní raibh ach trí dhalta ar an rolla don scoilbhliain nua. Aon mhúinteoir amháin atá sa scoil.

Anois áfach, nuair a thug muid cuairt ar an scoil, ní raibh aon dalta sa scoil, agus dhearbhaigh an múinteoir nach raibh aon daltaí aici. Dhiúltaigh sí aon ní eile a rá. Tuigtear go raibh daltaí sa scoil suas go dtí deireadh mhí na Samhna. Dúirt an Roinn Oideachais gurb é cúram coiste nó pátrún scoile é a chur in iúl don Roinn nuair nach mbíonn aon daltaí fágtha i scoil. Dúradar³ go dtí seo nach raibh aon teagmháil fáighte acu ó phátrún Scoil Náisiúnta na Croise. Ní raibh aon fhonn ar éinne ón bpobal áitiúil anseo nó ó choiste bainistíochta na scoile labhairt go poiblí faoi thodhchaí na scoile anseo. Ach, go príobháideach, dúirt daoine ón bpobal áitiúil anseo gur buille a bheadh ann don gceantar dá ndúnfaí an scoil náisiúnta, rud atá acu anseo le os cionn céad bliain.

Deir an Roinn Oideachais go bhfuil dualgas ar choiste bainistíochta a chur in iúl don Roinn nuair nach bhfuil aon daltaí fágtha ar scoil. Agus go dtosaíonn próiseas ansin chun aon mhúinteoirí atá sa scoil a aistriú go dtí scoileanna eile sa cheantar.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, sa Chrois in iarthar Chontae an Cláir.

¹ go a dúradh

² roimhe an leagan caighdeánach

³ dúirt siad an leagan caighdeánach